Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10590 — PAI PARTNERS / OTPP / VEONET)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 25/05)

1. An 10 Eanáir 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— PAI Partners Sàrl ("PAI Partners", an Fhrainc), atá á rialú ag PAI Partners SAS;

— Ontario Teachers' Pension Plan Board ("OTPP", Ceanada); agus,

— Veonet GmbH agus a fhochuideachtaí díreacha agus indíreacha uile ("Veonet Group", an Ghearmáin)

Faigheann PAI Partners agus OTPP rialú comhpháirteach indíreach ar Veonet Group de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás PAI Partners: gnólacht cothromais phríobháidigh, a dhéanann bainistíocht ar roinnt cistí a infheistíonn sna hearnálacha gnó, bia agus tomhaltóirí, tionscal ginearálta, agus cúraim sláinte,

— i gcás OTPP: corparáid a dhéanann sochair phinsin a riar agus sócmhainní plean pinsin a infheistiú thar ceann múinteoirí gníomhacha agus múinteoirí ar scor in Ontario,

— i gcás Veonet Group: líonra clinicí a bhíonn ag plé le cúram oftailmeolaíoch agus cóireáil othar seachtrach i gcás mórchúiseanna daille agus lagaithe amhairc, ina dtugtar diagnóis mar aon le cóireáil mháinliachta agus neamhionrach neamhoird súile.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10590 — PAI PARTNERS / OTPP / VEONET

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË